

GADAÍ AN tSLIABH RUADH

Seanfhear a bhí fadó ann agus ní raibh aige ach aon mhac amháin. Bhíodh an seanfhear i gcomhnuidhe ag obair le feilméara. Aon lá amháin labhair an feilméara leis an seanfhear. “Bhoil deir siad gur iongantach an gadaí é do mhac-sa” adeir an feilméara. “Bhoil d’fhéadfadh sé” adeir an seanfhear. “Bhoil abair leis” adeir an feilméara, “mara ngoidfidh sé an bulán atá a’ treabhadh na páirce agamsa agus triúr buachaill a’ tabhairt aire dhó go bhfuil an cloigeann le cailleadh aige amáireach.”

Nuair a tháinig an seanfhear abhaile trathnóna, nuair a bhí an suipéar bruithte, ní raibh sé a’ dhul ag ithe aon bhlas; agus é ag breathnughadh an-bhrónach. “Shílfeá go bhfuil rud eicint ort” adeir an mac. “Ó muipe tá mo dhóthain orm a mhic” adeir an t-athair. “An misde dhom fiafruigh” adeir an mac, “céard é féin.” “Dubhairt a’ feilméara mara mbeadh an bulán atá a’ treabhadh na páirce goidte a’ d-sa amáireach go mbeadh an cloigeann le cailleadh agat. “Go bhfuair Dia ort a athair” adeir sé “ní stróbh ar bith ormsa é sin a dhéanamh.” Bhí fhios aige cé raibh leabaidh dhearg gírrfhiadh agus d’imthigh leis agus fuair sé greim ar an ngírrfhiadh. Bhris sé ceann dá chuid cosa deire. Bhí sé ag éileadh ag an bpáirc a raibh an bulán ann leis an ngírrfhiadh gur sgaoil sé an gírrfhiadh isteach sa bpáirc. Nuair a chonnaic an triúr a a bhí a’ tabhairt aire don bhlán an gírrfhiadh agus a chois briste as go bráthach leothab i ndiadh an ghírrfhiadh. Nuair a d’imthigheadar as an bpáirc, isteach leis sa bpáirc agus tugann sé an sgian do raibh de bheilteannaí dá cheangal agus arduigheann sé leis an bulán abhaile. Bhvail sé den tuaidh é agus d’fheann sé dhó fein agus dá athair é. Nuair a tháinig an seanfhear ar maidin ‘un a chuid oibre tháinig an duine uasal chomh fada leis. “Ar ghoid do mhac an bulán aréir?” adeir an feilméara. “By dad ghoid” adeir an seanfhear. “Is maith a’ fear é” adeir an feilméara. “Bhoil abair leis mara mbeidh an capall atá istigh ar stábla agam-sa agus triúr fear a’ tabhairt aire di goidte aige amáireach go mbeidh an cloigeann le cailleadh aige.”

Dá bhrónaigh dá raibh an seanfhear an chéad lá bhí sé trí huaire ní ba bhrónaigh an dara lá; bhí sé a’ ceapadh nach raibh fágáil ar bith aige an capall a ghoid amach ón triúr acab. Nuair a tháinig an seanfhear abhaile san oidhche agus d’innis sé don mhac é, “ní stróbh ar bith orm-sa é, adeir sé. D’imthigh sé leis agus cheannuigh sé trí bhuidéal fuisge. Chuir sé snaoisín ar cheann acab. Bhí an oidhche an-dona, bhí sé a’ cur agus a ródhadh agus tháinig sé ag an dorus a raibh an capall agus an triúr fear ann agus é gléasta suas ina fhear siubhail, puca taobh thiar agus taobh bhfoghas air, agus d’iarr sé lóistín as ucht Dé. “Ní fhéadfaidh muid aon lóistín a thabhairt dhuit, tá muid a’ faire Ghadaigh an tSliabh Ruadh agus ní fhéadfad muid aon duine a leigeann isteach.” “As ucht Dé leigí isteach mé nó beidh mé cailte chois an dorais ar maidin agaibh agus féadfaidh sibh mé a chaitheamh faoi’n bhféar atá faoi chloigeann a’ chapall agus ní bheidh fhios ann nó as mé,” adeir sé. Leigeadar isteach é. Faoi cheann sgathamh den oidhche chur sé reacht mór millteach casacht agus dhírigh sé aniar agus dhírigh sé aniar agus tharraing sé chuige ceann de na buidéil agus d’ól sé sgluig as ceann acab. Faoi cheann leathuaire rinne sé an rud céadhna. Chonnaic na fir a bhí a’ tabhairt

aire don chapall an buidéal aige. “Muise is olc atá tú faoi do bhuidéal,” adeir fear acab. “Muise sin braoinín a bhíons ag imtheacht féachaint a mbogfadh sé an chasacht orm” adeir sé. “Ach má tá aon tóir agaibh-se air féadfaidh sibh braon a bheith agaibh dhe” adeir sé.

Síneadh ceann de na buidéil ag fear acab. Nuair a bhí deoch ólta ag chaon duine den triúr acab as a’ mbuidéal bhíodar dhá shíneadh aige aríst agus dubhairt sé leothab é ól. Nuair a bhí píosa den oidhche caithte chuir sé tuilleadh casacht as agus tharraing sé aige buidéal eile. Nuair d’ól sé deocháin bheag shín sé acab aríst an buidéal sin. Nuair a bhí sé sin ólta acab bhí siad ságach go maith. Dhírigh sé aniar faoi cheann sgathamh eile agus rinne sé casacht eile agus tharraing sé chuige an buidéal a raibh an snaoisín air agus leag sé a theanga air. “B’fhéidir go n-ólfadh sibh braon as a’ mbuidéal seo” adeir sé, a’ síneadh an tríomhadh buidéal acab. Nuair a bhí an tríomhadh buidéal ólta acab bhí beirt acab tuitighthe an fear eile a dhul anonn agus anall agus a rádh dhá mbeadh Gadaigh an tSliabh Ruadh aige féin anois go mba dheas an chaoi a chuirfeadh se air. Chaith sé de na pucaí agus d’eirigh sé agus bhuail sé an fear de dhorna agus leag sé é agus sgaoileann sé an capall agus buaileann sé ar marcúigheacht uirthé go dtáinig sé abhaile go teach a athar. Nuair a chuaidh an seanfhear chomh fada leis an bhfeilméara ar maidin “ar ghoid do mhac an capall aréir?” “By dad ghoid” adeir an seanfhear. “Is maith an fear é” adeir an feilméara. “Bhoil abair leis anois,” adeir an feilméara, mara ngoidfidh sé an bhráilín atá fúm-sa agus faoi mo bhean anocht agus an fáinne atá ar a méir go bhfuil an ceann le cailleadh aige.” Nuair tháinig an seanfhear abhaile shuidh sé síos ar a’ mbínse agus thosuigh sé a’ caoineadh. D’fíafuigh an mac de céard a bhí air. “Tá mo dhóthain anocht orm ar chuma ar bith” adeir sé, pébrí céard a bhí ariamh orm.” “Céard sin?” adeir an mac, adeir sé. “Dubhairt an feilméara leat” adeir an t-athair, “mara ngoidtá an bhráilín atá faoi na agus faoi thaobh a mhná anocht go raibh an ceann le cailleadh a’d.” “Ó ní stróbh a’bith orm-sa é sin a dhéanamh a athair” adeir sé. Bhí marbhán sa roilig agus thóg sé é. Chuaigh sé taobh amuigh den fhuinneog a raibh an feilméara ina chodladh ann. Bhí an guna lódáilte ag an bhfeilméara taobh istigh agus é leagtha le taobh na leabtha aige. Rug Gadaí an tSliabh Ruadh ag dhá chois ar an marbhán agus chuaidh faoi’n bhfuinneog agus bhí sé dhá ísleadh agus dhá ardughadh. Chonaic an feilméara é agus bhuail sé a uillinn ar an mbean agus dubhairt sé léithi go raibh Gadaí an tSliabh Ruadh ag an fhuinneog. “Nach fearr dom é a chaitheadh” adeir sé. “Ó caith an bitheamhnach” adeir sí. Nuair a d’airigh Gadaí an tSliabh Ruadh an t-urchar sgaoil sé uaidh an marbhán. “Níl fhios a’m beirthe ná beo anois céard a dhéanfas mé” adeir sé. “Ó caithfidh tú é chur” adeir an bhean, “agus tarraing síos in íochtar an ghairdín é, agus déan poll agus caith síos ann é.”

Bhí Gadaí an tSliabh Ruadh taobh amuigh a’ faireadh go bhfágadh sé seo dá chur. Nuair a bhí an feilméara sgaithín beag amuigh tháinig Gadaí an tSliabh Rua isteach. Nuair a tháinig sé isteach “ó” adeir sé, sí an oidhche is fuaire í dhá raibh mé amuigh ariamh agus faraior nar éist mé leis.” Bhí sé ag bualadh a chuid fiacla in aghaidh a chéile agud dheamhan a raibh fhios ag an mbean nach é a fear a bhí ann. “Ól blogam as a’ mbuidéal” adeir an bhean “agus gabh isteach sa leabaidh go dtéifidh tú agus nach bhfuil an oidhche fada a’d” adeir sí. D’ól sé deoch as a’ mbuidéal agus chuaidh sé isteach sa leabaidh. Bhí sé a’ léimneach le fuacht agus ní fuacht a bhí air ach ach a’ ciceáil na bráilín gur chuir sé síos le fána na leabtha í. D’eirigh sé

as a' leaba ansoin. "Bhoil ní mhairfidh mé leis an uaigneas" adeir sé, "agus feicear dhom dá mbeadh an fáinne atá ar do mhéir a'm go mbainfeadh sé an t-uaigneas díom, bheinn a' cuimhniughadh i gcomhnuidhe ort." Féadfaidh sé sin a bheith a'd agus fáilte" adeir sí.

Thug sé leis a' bhráilín faoi'n easgail agus an fáinne agus bhailigh leis. Faoi cheann sgathamh maith tháinig an feilméara isteach. "Ar imthigh aon bhlas den fhuacht as an oidhche" adeir sí, "ó bhí tú istigh cheana?" "Arnú ní raibh mise istigh" adeir sé "ó chuaidh mé amach." "Go deimhin bhí'r" adeir an bhean, "arnú níl sé leathuair ó chuaidh tú amach as seo." Thosuigh sé a' tóraidheacht agus fuair sé an bhráithlín imighthe. "Bhfuil an fáinne a'd?" adeir sé leis an mbean. "Nach dtug mé dhuit cheana é" adeir sí. "Ó tá sin déanta" adeir sé.

Nuair a tháinig an seanfhear go dtí an feilméara lár na bháireach "ghoid do mhac an bhráilín" adeir sé, "agus an fáinne." "By dad ghoid" adeir an seanfhear. "Abair leis anois" adeir sé an tír a fhágáil nú má fhághaim-se aon amharc aríst go bráthach air beidh an ceann le cailleadh aige." Nuair a tháinig an seanfhear abhaile trathnóna d'innis sé don mhac go gcaithfeadh sé an tír a fhágáil. Dheamhan blas suim a bhí ag an mac ann. Bhí an mac a' siubhal agus a' siar imeacht ansoin gur casadh isteach é i dteach déanta naigíní. D'iarr sé obair ann agus dhá fhear déag a bhí ag obair ann. D'fhiarruigh an máighistir de cén pháigh bheadh sé iarra agus dubhairt sé go mbeadh sé ag iarraidh an oiread leis an dá réug, agus ní fhaca sé aon cheann de na naigíní dhá ndéanamh cheana ariamh. "Bhoil ní fhéadfaidh mé páigh na dá réug a thabhairt dhuit" adeir an máighistir. "Mara bhfuil mé i ndon an oiread leis an dá réug a dhéanamh" adeir sé, "ní iarrfaidh mé é."

Chuaidh sé a' déanamh na naigíní agus dhéanfaidh sé an oiread le dhá réug eile acab. Ní mórán achair go raibh an oiread naigíní déanta acab agus nach raibh siad a fágáil ceannacht ar bith orthab agus b'éigin dó imtheacht. Bhí sé a'siubhal leis aríst agus sé an áit ar casadh é ag caibiléara, agus bhí dhá réug ag obair aige sin. D'iarr sé obair. "Cén sórt obair atá tú i ndon a dhéanamh?" adeir an caibiléara. "An obair atá siad sin a dhéanamh agus ní fhaca sé aon bhróg dhá déanamh cheana ariamh. "Cén pháigh atá uait?" "An oiread leis na dá réug eile" adeir sé. "Ní fhéadfaidh mé páigh dhá réug a thabhairt dhuit" adeir sé. "Mara bhfuil mé i ndon an oiread leis an dá réug a dhéanamh" adeir sé seo, "Ní iarrfaidh mé é."

Chuaidh sé ag obair. Dhéanfaidh sé an oiread le dhá réug eile, agus chuir sé uaidh an dá réug eile agus choinnigh sé Gadaí an tSliabh Ruadh. Nuair a bhí sé seactmhain ann níor thaithnigh an bheatha leis a bhí sé a fhágáil ann. D'fiarruigh sé den chaibiléara cén chiall anch raibh aon fheoil aige. "Níl aon bheithidheach ná aon chaora i ngar dhomsa nach bhfuil istigh i dtighthe le faitchíos romham ach aon pháirc amháin atá anseo atá lán le beithidhigh 's le caoire agus tá an oiread seo fear a' tabhairt aire dhóibh sin shiubhal oidhche 's lae." Sé an t-ainm atá orm-sa" adeir sé "An Gadaí Dubh Ó Dubháin." "Maith mar tharla" adeir an fear eile, "Gadaí an tSliabh Ruadh. Meas tú a mbeadh fágáil a' bith" adeir adeir Gadaí an tSliabh Rua, "aon cheann de na caoire atá sa bpáirc a thabhairt linn?" "Tá fhios a'm nach bhfuil aon ghadaí déanta" adeir an Gadaí Dubh, "i ndon aon cheann acab a ghoid." "Bhoil caithfidh tú thigheacht liom-sa anocht" adeir Gadaí an tSliabh Ruadh. Nuair a tháinig an oidhche bhíodar ag éaladh go dtáinigeadar go claidhe na páirce agus bhíodar a'tolladh go

ndearnadar poll faoi iochtar a'chlaidhe go raibh duine acab i ndon a dhul isteach. Chuaidh an gadaí dubh isteach agus fuair sé greim ar an uasgáinín ba dhona a bhí sa bpáirc. Chuir Gadaí an tSliabh Ruadh ialach aie a dhul taobh eile den pháirc rus go rithfeadh an dream a bhí a' tabhairt aire do na caoire ina ndiadh. Nuair a bhí an t-uasgáinín tao' 'muich thosuigh sé a' méileadhach i ndiadh na gcaorach, agus d'fuagair an dream a bhí ag tabhairt aire do na caoire go híseal 's go hard go raibh na caoire goidte ag Gadaí Dubh Ó Dúbháin. As go bráthach leothab i ndiadh an Ghadaí Dubh, agus nuair a fuair Gadaí an tSliabh Ruadh imthighthe iad isteach leis féin sa bpáirc gur chuir sé amach sgór de na caoire ba raimhire a bhí ann.

Tiomáineann sé leis iad go dtug sé leis abhaile iad ag teach an Ghadaí Dhuibh. Nuair a tháinig an Gadaí Dubh bhí na sgór caoire feannta agus iad crochta suas ag an nGadaí Ruadh. "Mo mhallacht dhuit" adeir an Gadaí Dubh, "hó bair go mba leat a crochfaí mé ach cé mar rinne tú?" adeir sé. "Siubhail uait amach sa stábla" adeir Gadaí an tSliabh Ruadh go bhfeicfidh tú a bhfuil ann." "Is tú an fear is fearr a chonnaic mé ariamh" adeir an Gadaí Dubh. "Shíl mise" adeir sé go raibh mé féin i mo ghadaí maith ach níl goir ná gaobhar a'm ort-sa." Bhíodar ag ithe feola annsoin go raibh go raibh an méid sin ithte acab agus ní raibh aon fhághail acab ar aon bhlas eile a fhághail; ní raibh bó ná caora thart thimcheall orthab nach raibh fir a' tabhairt aire dhóibh shiubhal lae agus oidhche. Bhíodar seachtmhain ansoin gan aon bhlas feola a ithe, agus chonnaiceadar fear a dhul an bóthar agus caora at téadán aige, ag dul 'na n-aonaigh. "Is iomdha fear" adeir Gadaí an tSliabh Ruadh, "a ghoidfeadh an chaora ón bhfear sin." "Níl aon ghadaí déanta" adeir Gadaí an tSliabh Dubh, "i ndon an chaora sin a ghoid atá ar téadán ag an bhfear a dhul 'na n-aonaigh." "Go bhfoiridh Dia ort" adeir Gadaí an tSliabh Ruadh, adeir sé, "is beag an mhoill orm-sa í a ghoid."

Thug sé leis péire bróga nua agus ghearr sé aithghiorra roimh fhear na caorach agus chuir sé salachar ar bhróg acab agus chaith sé ar an mbóthar í, agus chuaidh sé tuairim leith mhíle eile den bhóthar agus chaith sé ann an bhróg eile. I gciúis coille a chaith sé an dara bróg. Nuair a tháinig fear na caorach suas leis an mbróg, "is breagh an bhróg thú" adeir sé, a' bainnt faic aiste leis an maide, "marach go bhfuil tú salach ach dhá mbeadh do leath-cheann eile ann b'fhiú thú a ghlanadh." Bhí sé a' siubhal leis gur casadh an bhróg eile dhó. "Tá agam anois" adeir sé, "ceanglóchaidh mé an chaora annseo agus gabhfaidh mé 'g iarraidh an cheann eile." Cheangail sé an chaora den chrann agus chuaidh sé 'g iarraidh na bróg eile. Bhí Gadaí an tSliabh Ruadh I gciúis na coille a' faire ar an gcaora agus nuair a fuair sé an fear imighthe arduigheann sé leis an chaora agus tugann sé ag an nGadaí Dubh í.

Faoi cheann coighcise chonnaiceadar an fear céadhna a' dhul an bóthar agus muc ar téadán aige. Bhí an chaora ithte faoin am seo acab, agus dubhairt Gadaí an tSliabh Ruadh gur mhaith an ceart an mhuc a ghoid uaidh. "Nach bhfuil fhios a'd nach bhfuil aon ghadaí faoin domhan i ndon an mhuc sin a ghoid ón fhear sin a a bhfuil sí ar téadán aige." "Is gearr an mhoill orm-sa í ghoid" adeir Gadaí an tSliabh Ruadh. D'imthigh sé leis agus níor chomhnaigh sé go dtáinig sé go dtí an áit a raibh an chaora ceangailte ag an bhfear an chéad lá agus nuair a d'airigh sé a' dhul thairis é rinne sé méil istigh ins an gcoill. "Is fíor sin" adeir an fear, "an rud nach ngoidtear faightear. Sin í mo chaora atá a' méilidhe sa gcoill agus beidh an chaora agus an mhuc a'm indiu ar an aonach."

Nuair a chuaigh fear na caorach isteach sa gcoill d'imthigh Gadaí an tSliabh Ruadh, bhí sé a' téanamh uaidh i gcomhnaidhe go dtáinig sé amach sa gceann eile den choill nó gur arduigh sé uaidh an mhuc go dtug sé abhaile go dtí an Gadaí Dubh í. Nuair a bhí an mhuc ithte acab tháineagadar gann i leathar agus ní raibh aon leathar le fágáil acab níos goire do bhaile ná B'leá Cliath. Ní raibh aon deis acab annsin le dhul go B'leá Cliath ná thimcheall orthab ach capall a bhí ag sagart agus bhíodh sí sin istigh ins an gcistineach chuile oidhche le faitchíos roimh an nGadaí Dubh. "Is maith an ceart dhuinn" adeir Gadaí an tSliabh Ruadh "í sin féin a ghoidh go dteigh muid ag iarraidh leathair." "Fébrí céard a rinne tú ariamh" adeir an Gadaí Dubh, "nach bhfuil fhios agat nach bhfuil fágáil ar bith agat í sin a ghoid agus í istigh ar an gcistineach chuile oidhche." "Ní stróbh ar bith í sin a ghoid uaidh" adeir Gadaí an tSliabh Ruadh. Nuair a tháinig an oidhche fuair Gadaí an tSliabh Ruadh seithe bó agus dubhairt sé leis an nGadaí Dubh a dhul isteach agus chuaidh, agus chas sé rópa air agus d'arduigh sé leis ar a dhruim é. Tháinig sé go dtí teach a' tsagairt agus d'iarr sé lóistín as ucht Dé agus na Maighdeana air. Dubhairt an sagart nach bhféadfadh sé lóistín a thabhairt dó go raibh a chapall istigh sa gcistineach chuile oidhche le faitchíos go ngoidfeadh an Gadaí Dubh í agus nach bhféadfadh sé aon duine fhágáil istigh. "Ach ar a' mbealach a bhfuil sé iarrtha agat ina dhidh sin féin in ainm Dé agus na Maighdeana caithfidh mé thú fhágáil istigh."

Rug sé ar a' seithe agus chaith sé suas ar a' lota é. Faoin cheann sgathamh den oidhche bhí dreabhthar an tsagairt a' róstadh gé, agus tháinig bolgóg uirthé. "Nach aisteach an rud" adeir Gadaí an tSliabh Ruadh atá an bholgóg sin ar an ngé a rádh, go bhfuil Gadaí Dubh Ó Dubháin ar a' lota." Nuair a chuala an Gadaí Dubh an chainnt anuas leis de léim agus as go bráthach leis an sagart agus le na dhreabhthar a' rith ina dhiadh. Nuair a fuair Gadaí an tSliabh Ruadh imighthe iad sgaoileann sé an capall agus buaileann sé a' mairciaghacht uirthé, no go dtáinig sé suas leis an nGadaí Dubh. Bhíodar a' déanamh ar Bh'leá Cliath agus agus bhí beirt shagairt a' danamh orthab agus d'aithnigh na sagairt capall an tsagairt a dtugadar an capall uaidh. "Agus is maith an ceart dhuinn í bhainnt dhíobh" adeir sagart acab leis an sagart eile. "Ná bac leothab" adeir an sagart eile, "crochfaidh fear acab an fear eile i mB'leá Cliath, agus tachtfaidh síbhnín luachair an fear eile thall i Londain Shasana." Nuair a tháinigeadar go B'leá Cliath casadh deis dhóibh leithí iad féin a mheadhchan agus bhí deis air mar a mbeadh beirt ann ní fhéadfá tú féin a mheadhchan. Chaithfeadh duine acab an duine eile a leigeann amach. "Gabhfaidh mise isteach i dtosach go mo mheadhchan féin" adeir Gadaí an tSliabh Ruadh. Nuair a bhí Gadaí an tSliabh Ruadh meaidhte d'fuagair sé ar an nGadaí Dubh é a leigeann amach agus leig, agus chuaidh an Gadaí dubh isteach annsoin dá mheadhchan, agus sé an chaoi ar fháisc Gadaí an tSliabh Ruadh air nó gur thacht sé é. D'imthigh le Gadaí an tSliabh Ruadh annsoin go ndeachaidh sé go Londain. Bhí sé ar lóistín i dteach i Londain agus bhí muc ag maor a' bhaile mór agus níl aon teach ins an mbaile mór nach gcuirfeadh sí a smut isteach annn agus nach gcuirfeadh sí grús aiste. "Ó nach breagh an mhuc í sin" adeir Gadaí an tSliabh Ruadh le fear a'tighe, "nach truagh nach bhfuil sí sa tobán a'm." "Ó céard atá tú rádh" adeir fear a'tighe, "sin í mhuc mhaor an bhaile mhóir, agus dá ndéanfa aon bhlas uirthé sin sé chaoi a mbeifeá crochta sul dhá bhfeicfeá dhá lá."

Lá'r na bháireach tháinig an mhuc aríst agus agus dubhairt sé nach raibh aon fheall faoin domhan nach mbeadh sí sa tobán. San oidhche labhair bean a' tighe leis an bhfear. "Ba

cheart dhuit cead a cinn a thabhairt dó” adeir sí agus déanfhadh sé a rogha rud léithe.”
“Déanfaidh sin” adeir a fear. An tríomhadh lá nuair a tháinig an mhuic caitheann sé cupla fata ar an urlár agus isteach leis an muic agus sáitheann sé í agus cuireann sé sa tobán dhó féin í.

Nuair a’ d’airigh an maor an mhuic imthighthe chuaigh sé go dtí an seanfhear glic agus dubhairt leis go mbainfeadh sé a cheann agus a choiméad beatha dhe mara n-innsigheadh sé dhó cén taobh a ndeachaidh an mhuic. “Éireannach a rinne é” adeir an seanfhear glic, “agus déanfaidh sé tuille ort. Ach cuir saighdiúr ‘sa chuile theach ins an mbaile mór agus mara bhfágá siad sin amach cá bhfuil sé dá ithe níl fhios a’m-sa. Céard a dhéanfas tú?” adeir sé. Chuir sé saighdiúr sa chuile theach sa mbaile mór agus bhí dlighe sa mbaile cébrí rud a a chrochfadh an chéad teach a d’eireochadh sa mbaile mór ar ghiall an doruis go gcaithfeadh chuile theach sa mbaile mór é sin a bheith crochta aige. Mharbhuigh Gadaí an tSliabh Ruadh an saighdiúr a bhí aige féin agus bhí sé crochta amuigh ar ghiall an doruis ar maidin aige agus b’éigin do chuile fhear an saighdiúr a bhí aige a mharbhughadh agus é a chrochadh amuich. Chuaidh an maor ag a seanfhear glic aríst. “Éireannach a rinne é” adeir an seanfhear glic, “agus déanfaidh sé tuille ort. Ach níl aon bhlas a’m-sa le déanamh dhuit ach cuir sgéala amach go bhfuil seomra airgid in a leithide seo de áit a’d agus cuir bairrille teara faoi’n bhfuinneog agus cébrí cé mharbhuigh an mhuic tiocfaidh sé a’ goid an airgid agus tuitfidh sé sa mbairrille agus beidh comhartha air.”

Níor le Gadaí an tSliabh Ruadh a b’failigh é nuair a chuala sé cainnt ar an airgead. Chuaidh sé a’ goid cuid de, agus nuair a shíl sé dhul isteach sios leis ins an mbairrille teara agus nuair a tháinig sé amach dheamhan duine dár casadh air nar chuimil sé é féin de mar bhí an oidhche ann agus rinne sé chuile dhuine mar é féin, agus ní raibh fhios cé chuaidh goid an an airgid. Bhíodar chomh dona is a bhíodar ariamh.

Chuaidh an maor go dtí an seanfhear glic aríst “Éireannach a rinne é” adeir an seanfhear glic agus déanfaidh sé tuille ort. Níl fhios a’m-sa céard a dhéanfas tú ach cuir fuagra amach go mbeidh t-inghean ina leithide seo d’áit anocht agus siúrálte cébrí cén fear a mharbhuigh an mhuic tiocfaidh sé go dtí t-inghean bíodh péint aice agus cuimligheadh sí an phéint de agus beidh sé i ngreim.” Chuir sé fear amach tríd an mbaile mór a’ fuagairt go mbeadh inghean ina leithide seo de áit agus níorbh le Gadaí an tSliabh Rua b’fhailigh é, bhí sé ar an gcéad fhear. Chuir sí péint air agus nuair a chuaidh sé amach níl aon duine dár casadh dhó nar thosuigh sé ag cur péint air, agus ní raibh aon mhaith dhóibh ann, ní raibh fhios cé tóigfí.

Faoi cheann trí ráithe bhí mac óg ag inghean maor an bhaile mhóir. Chuaidh an maor go dtí an seanfhear glic agus dubhairt sé go mbainfeadh sé a cheann agus a choiméad beatha dhé mar a n-innsigheadh dhó cé hé athair an pháisde. “Cuir buille-cruinnighthe ar a bhfuil sa mbaile mór anocht” adeir an seanfhear, “agus cébrí cé hé athair an pháisde tiocfaidh an páisde chomh fada leis.” Cuireadh, agus tháinig Gadaí an tSliabh Ruadh ann é féin agus thug sé éinín beag ina láimh leis. Níor chomhnuigh an páisde go dtáinig sé chomh fada leis. Rugas air agus dubhras leis go bé mharbhuigh an mhuic agus a ghoid an t-airgead, agus go bé athair an pháisde é. “Cuirfidh mé geall” adeir Gadaí an tSliabh Ruadh, “fébrí fear a bhéarfas ar an éinín seo go dtiocfaidh an páisde chomh fada leis chomh maith liom-sa.”

Tugadh do dhuine eile an t-éan agus tháinig an páisde chomh fada leis. Tugadh do dhuine agus do dhuine eile é agus tháinig an páisde go dtí iad agus dheamhan blas a b'fhéidir a dhéanamh ar an Ghadaí an tSliabh Rua.

Thug maor an bhaile mhóir a chúrsa suas agus dubhairt sé cébrí cé leis an páisde go gcaithfeadh sé a inghean a phósadh, nach raibh sé a' dul a'déanamh aon bhlas air. Dubhairt Gadaí an tSliabh Ruadh go bé féin athair an pháisde agus phós sé féin agus inghean maor an bhaile mhóir. Bhíodar lá ansoin amch a' spaisdeoireacht. "Chuala mé ariamh" adeir sé, "go dtachtfadh sibhnín luachair duine agus níl fhios agam ar fíor é. Chuaidh sé agus bhain sé an sibhnín luachair agus chuir sé faoi na mhuineál é agus thacht sé é.

8/5/33